2025/1570

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1570 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi fhaisnéis faoi ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe deimhnithe agus faoi ghléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe deimhnithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(3) agus Airteagal 39(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun foinse thrédhearcach iontaofa faisnéise a bhunú maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe agus maidir le gléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe atá deimhnithe, nó nach bhfuil deimhnithe a thuilleadh, ag comhlachtaí deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoin bhfaisnéis ábhartha, trí úsáid a bhaint as cainéal leictreonach slán arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

(2) Chun a áirithiú go mbeidh dóthain ama ag an gCoimisiún coigeartú a dhéanamh ar an mbealach atá ann cheana le haghaidh fógraí faisnéise maidir le stádas deimhniúcháin gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe agus gléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 3 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.

(3) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(4) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 6 Meitheamh 2025.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([3]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Beidh san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus déanfar é i bhfoirm leictreonach trí chainéal slán leictreonach arna chur ar fáil ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar aon athrú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach tar éis an chéad tíolactha, lena n-áirítear athruithe ar stádas deimhniúcháin gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe agus gléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis nuashonraithe isteach in éineacht leis na doiciméid ábhartha a ghabhann léi tríd an mbealach dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 19 Nollaig 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Faisnéis a bhfuil fógra le tabhairt ag na Ballstáit ina leith i gcomhréir le hAirteagal 31(1)

1. Sainaithint an ghléis cruthaithe ríomhshínithe cháilithe nó an ghléis cruthaithe ríomhshéala cháilithe, mar a chumhdaítear leis an bhfógra deimhniúcháin nó leis an bhfógra maidir le deimhniúchán a chealú agus a shonraítear trí na heilimintí seo a leanas:

   (a) ainm an táirge;

   (b) tagairt don chomhpháirt bogearraí cumraithe, lena n-áirítear an leagan ábhartha;

   (c) tagairt don chomhpháirt crua-earraí cumraithe, lena n-áirítear an leagan ábhartha;

   (d) leagan;

2. Céannacht an chomhlachta a rinne iarratas ar dheimhniú;

3. An tuairisc ar an ngléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe nó ar an ngléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe, lena n-áirítear

   (a) cé acu an gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe nó/agus gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe é;

   (b) cé acu de na catagóirí seo a leanas lena mbaineann an gléas:

      — gléasanna ina gcoimeádtar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe nó na sonraí um chruthú ríomhshéala i dtimpeallacht atá á bainistiú go hiomlán (ach ní go heisiach) ag an úsáideoir;

      — gléasanna ina mbainistíonn soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe nó na sonraí um chruthú ríomhshéala thar ceann sínitheora nó cruthaitheora séala;

4. Deimhniú comhréireachta an ghléis le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

5. Tagairt don tuarascáil deimhniúcháin arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nach n-athróidh ar feadh thréimhse bhailíochta an deimhnithe comhréireachta;

6. Céannacht eisitheoir na tuarascála deimhniúcháin, lena n-áirítear tagairt iomchuí dá cháiliú mar chomhlacht deimhniúcháin arna ainmniú ag Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus mar chomhlacht atá comhlíontach maidir le deimhniú na ngléasanna sin i gcomhréir le hAirteagal 30(3) den Rialachán sin;

7. Aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne ('URL') de shuíomh óna bhfuil an tuarascáil deimhniúcháin ar fáil go poiblí saor in aisce;

8. Dáta tosaigh éifeachtach an deimhniúcháin;

9. An stádas deimhniúcháin;

10. Dáta éaga an deimhniúcháin;

11. Cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe nach leanfar den deimhniúchán tar éis an deimhniúcháin reatha le haghaidh chumraíocht reatha na ngléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe nó na ngléasanna cruthaithe ríomhshéala cáilithe;

12. Sonraí teagmhála an chomhlachta ainmnithe;

13. Cé acu atá nó nach bhfuil an modh deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 30(3), an chéad fhomhír, pointe (a) nó pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus de réir mar is infheidhme, an tagairt agus URL do na nósanna imeachta malartacha ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún de bhun Airteagal 30(3), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán sin;

14. Na tuarascálacha deimhniúcháin gaolmhara uile arna mbunú i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 30(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lena n-áirítear:

    (a) tagairt do gach tuarascáil deimhniúcháin;

    (b) sainaithint eisitheoir gach tuarascála deimhniúcháin;

    (c) URL chuig suíomh óna bhfuil gach tuarascáil deimhniúcháin ar fáil go poiblí saor in aisce;

    (d) dáta eisiúna gach tuarascála deimhniúcháin;

    (e) i gcás ina bhfuil sé ar fáil go poiblí, leagan den spriocdhoiciméad slándála comhfhreagrach ina dtugtar tuairisc ar an ngléas, nó ar aon chomhpháirt di, a ndírítear air leis an meastóireacht deimhniúcháin a chumhdaítear leis an tuarascáil deimhniúcháin.